# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Nóta mínithe-Eacnamaíocht Baile 2025

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D'fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Gan aon mharc bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ⌇ | Leathanach bán |
| F | Pointe farasbairr lánmharcanna bronnta |
| P | Pointe farasbairr marcanna páirteacha bronnta |
| < | pointe/obair nár tugadh faoi |
| R | pointe athchleachtach |
| SMM | Scéim Marcála Mhionathraithe |

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (10 @ 8 marc)**

**Ceist 1** **8**

Tá itheachán sláintiúil riachtanach don fholláine.

Luaigh **ceithre** threoirlíne itheacháin shláintiúil.

**(4 threoirlínte maidir le hithe sláintiúil luaite @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*Béilí cothromaithe maith, úsáid níos lú salainn, níos lú siúcra próiseáilte, ith níos lú saill sháithithe, ith níos mó torthaí agus glasraí, ith níos mó bianna atá ard ó thaobh snáithíní de, níos mó bianna cailciam, níos mó bianna atá saibhir ó thaobh iarainn de, ól níos mó uisce, ith réimse leathan bianna, srl.*

**Ceist 2** **8**

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas faoi mhilleadh bia.

**(Sainaithníodh ráitis i gceart @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

| Milleadh bia | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ba chóir bianna somheata a stóráil sa chuisneoir | ✓ | |
| Bíonn taise ag teastáil ó bhaictéir chun fás | ✓ | |
| Tá seilfré fhada ag iasc úr | | ✓ |
| Cúiseanna le milleadh bia is ea miocrorgánaigh agus einsímí | ✓ | |

**Ceist 3** **8**

Ainmnigh **dhá** fhoinse éagsúla de shaill sa bhia.

**(2 fhoinse éagsúla de shaill sa bhia ainmnithe @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*Feoil, iasc olach, cáis, ubh (buíocán), táirgí déiríochta, abhacád, gránaigh arbhair, olaí cócaireachta, mairgairín, cnónna, síolta, srl.*

Mínigh **dhá** fheidhm atá ag saill sa chorp.

**(2 fheidhm atá ag saill sa chorp mínithe @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*Foinse vitimíní intuaslagtha i saill ADEK, cosnaíonn sé orgáin íogaire, teas agus fuinneamh, inslíonn sé an corp, srl.*

**Ceist 4** **8**

Is féidir fuílleach bia a úsáid chun béilí blasta a dhéanamh agus airgead agus am sa chistin a shábháil san am céanna.

Mol mias **amháin** is féidir a dhéanamh le gach ceann de na bianna seo a bheadh d'fhuílleach.

**(4 mhias ainmnithe @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

| **Fuílleach bia** | **Mias** |
|---|---|
| Prátaí bruite | *Pióg an aoire/Pióg éisc, cácaí prátaí/cácaí éisc, uibheagán Spáinneach, anraith, sailéad prátaí, srl.* |
| Leathchanna trátaí | *Anraithí, casaróil/ stobhaigh, anlann phíotsa, miasa pasta, enchiladas, rís Spáinneach/Mheicsiceach, cuir le sú/caoineoga, srl.* |
| Sicín rósta | *Ceapairí/fillteáin srl, anraith, cuir le miasa pasta/míse, pióg sicín, sailéid, srl.* |
| Arán | *Maróg aráin agus ime, tósta Francach, srl.* |

**Ceist 5**

Modh coitianta cócarála is ea friochadh. **8**

Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le friochadh mar mhodh chun bia a chócaráil.

**(buntáiste amháin a bhaineann le bia a fhriochadh @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Gasta, cuireann sé blas leis, úsáideann sé níos lú fuinnimh mar tá sé gasta agus dá bhrí sin sábhálann sé fuinneamh/airgead, srl.*

**(míbhuntáiste amháin a bhaineann le bia a fhriochadh @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Mífholláin agus méadaíonn sé calraí, tá baol ann go mbeidh splancacha ó ola the a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dónna, níl sé oiriúnach do gach bia, srl.*

**Ceist 6** **8**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí le huisce a úsáid go hinbhuanaithe sa teach.

**(Tabhair breac-chuntas ar 2 shlí le huisce a úsáid go hinbhuanaithe sa teach @ 4 mharc)**

**grádaithe (4:2:0)**

*Cithfholcadh in ionad folctha, múch na sconnaí agus tú ag scuabadh fiacla mar shampla, bain úsáid as uisce cócaireachta atá fágtha, ná cuir ach ualaí lána ar siúl ar (miasniteoir/meaisín níocháin), bain úsáid as timthriallta nach ndéanann dochar don timpeallacht a shábhálann uisce, bailigh uisce báistí, ceannaigh nó oiriúnaigh sistéal chun uisce a shábháil sa leithreas (hippos, nó rogha sruthlaithe níos lú), srl.*

**Ceist 7** **8**

Pléigh **dhá** úsáid is féidir a bhaint as teicneolaíocht tí chliste.

**(2 úsáid de theicneolaíocht tí chliste pléite @ 4 mharc) grádaithe (4:2:0)**

*Téamh cliste, soilsiú cliste, fearais chócaireachta chliste/fearais tí chliste, slándáil chliste, fearas fóillíochta cliste, srl.*

**Ceist 8** **8**

Déan cur síos ar **dhá** threoirlíne atá le leanúint nuair atá cúram á dhéanamh d'inneall fuála.

**(2 threoirlíne maidir le cúram a dhéanamh de mheaisín fuála a @ 4 mharc) grádaithe (4:2:0)**

*Clúdaigh é nuair nach mbíonn sé in úsáid, iarr ar theicneoir cáilithe seirbhís a dhéanamh air, cuir ola air go rialta, bain an deannach as an gcás eiteánach, fill an corda/lúb go scaoilte, lean treoracha an déantóra, srl.*

**Ceist 9** **8**

Liostaigh **ceithre** fhoinse eolais do thomhaltóirí.

**(4 fhoinse eolais do thomhaltóirí liostaithe @ 2 mharc) grádaithe (2:1:0)**

*Focal ó bhéal, teilifís/raidió, irisí (Consumer Choice)/paimfléid/bileoga/nuachtáin, suíomhanna gréasáin ainmnithe e.g. www.ccpc.ie, idirlíon/meáin shóisialta, díoltóirí, gníomhaireachtaí, pacáistiú, srl.*

**Ceist 10** **8**

Déan cur síos ar **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar na roghanna bia a dhéanann teaghlaigh.

**( 2 thoisc a mbíonn tionchar acu ar na roghanna bia a dhéanann teaghlaigh @ 4 mharc) grádaithe (4:2:0)**

*Cultúr, stíl mhaireachtála, teaghlach, sláinte, costas, inbhuanaitheacht, creidimh reiligiúnacha, cothú, rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn le daoine, infhaighteacht (e.g. imeachtaí domhanda, i séasúr), scileanna cócaireachta, trealamh atá ar fáil srl.*

| | Roinn B | 240 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11**

Tá sé i gceist ag muintir Uí Bhriain ócáid teaghlaigh speisialta a óstáil níos déanaí sa bhliain.

**(a)** Scil thábhachtach bainistíochta acmhainní is ea an buiséadú d'ócáidí teaghlaigh speisialta.

Roghnaigh an focal ceart ón liosta thíos chun na habairtí a leanas a chomhlánú. **12**

**(6 fhocal ón liosta roghnaithe i gceart @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

Ciallaíonn 'bainistíocht' acmhainní a úsáid chun **spriocanna** a bhaint amach.

Is é is buiséad ann plean le hairgead a chaitheamh agus a **shábháil**.

Sampla d'earra ar caiteachas riachtanach é is ea **bia**.

Ciallaíonn ceannach **ar cairde** 'ceannach anois agus íoc níos déanaí'.

Tugtar **glanioncam** ar an méid dár bpá a bhíonn fágtha againn tar éis cáin a bheith bainte as.

Is é is **teastáil** ann rud ar féidir linn maireachtáil gan é, e.g., an fón cliste is déanaí.

**(b)** Taitníonn bácáil le Sam, duine de na déagóirí sa teaghlach. Tá seisean chun císte a dhéanamh le haghaidh na hócáide.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chéim is cóir do dhuine a leanúint agus é ag déanamh ullmhúcháin chun císte a dhéanamh / a bhácáil ionas go n-éireoidh leis. **20**

**(Cuntas ar 4 chéim @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Féin-ullmhú (naprún, seodra, lámha a ní), aonad oibre a ullmhú (e.g. an t-aonad a shocrú) comhábhair a bhailiú, a mheá agus a thomhas go cruinn, stáin a ullmhú, suíomh seilfeanna an oighinn a sheiceáil, an t-oigheann a réamhthéamh, an t-oideas a leanúint, srl.*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** oibreán ardaithe a úsáidtear sa bhácáil sa bhaile. **6**

**(2 oibreán ardaithe ainmnithe @ 3 mharc)** **grádaithe (3:0)**

*Aer, púdar bácála, sóid aráin, giosta.*

Mínigh an chaoi a n-oibríonn oibreáin ardaithe. **5**

**(1 phointe ag míniú cén fáth @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Tugtar aer isteach trí mhodhanna ceimiceacha, meicniúla nó bitheolaíocha, leathnaíonn boilgeoga gáis e.g. aer, dé-ocsaíd charbóin (measctha nó scaoilte sa mheascán) agus ardaíonn siad i dteas an oighinn ag ardú an taois/an mheascáin.*

**(c)** D'fhéadfadh Sam an císte a dhéanamh ó bhonn nó meascán císte tráchtála a úsáid**.**

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le meascán tráchtála a úsáid nuair atá císte ócáide speisialta á dhéanamh. **16**

**(2 bhuntáiste @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Géaraíonn sé an luas maidir leis an am ullmhúcháin agus cócaireachta, úsáideach do dhaoine nach bhfuil bua na cócaireachta acu, ní gá comhábhair éagsúla a cheannach mura n-úsáidtear iad go minic, srl.*

**(2 mhíbhuntáiste @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*D'fhéadfadh go bhfuil siad ard ó thaobh siúcra agus salainn de, d'fhéadfadh breiseáin a bheith ann e.g. blasmhéadaitheoirí, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé costasach, d'fhéadfadh easpa blais a bheith ann srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar bhealach cruthaitheach **amháin** chun císte ócáide speisialta a mhaisiú **5**

**(Cur síos ar bhealach cruthaitheach amháin @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Maisiú reoáin (glacé, uachtar ime srl.) srl, uachtar úr (coipthe, maisithe), seacláid (leáiteach, steille, grátáilte, coirníní), torthaí úra (gearrtha, slisnithe), bláthanna inite, cáca steille (m.sh. líomóid), crotháin mhilse, leamhacháin, maisiúcháin barr cáca/bréagáin, brioscaí, cnónna, feadáin reoáin dhaite le haghaidh scríbhneoireachta, pinn inite, srl.*

**(d)** Uaireanta, úsáidtear meascthóir leictreach agus bácáil á déanamh.

Cheannaigh muintir Uí Bhriain meascthóir leictreach le déanaí ach chlis sé.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta ba cheart do thomhaltóir a leanúint nuair atá meascthóir leictreach lochtach á thabhairt ar ais chuig an siopa. Tabhair **trí** chéim. **12**

**(3 chéim @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Fill ar an siopa a luaithe is léir go bhfuil locht ann, tabhair cóip den admháil leat, labhair leis an mbainisteoir, tabhair an t-earra lochtach agus an pacáistiú leat, mínigh an locht, luaigh an cúiteamh, dar leat, atá tú ina theideal, mura bhfuil tú sásta, cuir an gearán i scríbhinn, iarr comhairle ó eagraíocht tomhaltóirí, ó chúirt mhionéileamh (má tá sé faoi bhun na tairsí), srl.*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** eagraíocht a bhfuil ról acu maidir le cosaint a thabhairt don tomhaltóir. **4**

**(2 eagraíocht @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), Oifig an Ombudsman, Údarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann (ASAI), Cumann Tomhaltóirí na hÉireann (CAI), an Cúirt Mhionéileamh.*

**Ceist 12**

Spásanna suaimhneacha ilfheidhmeacha is ea seomraí leapa dea-dheartha do dhéagóirí.

**8**

**(a) (i)** Mínigh an chúis a bhfuil scíth/codladh tábhachtach d'fholláine déagóirí.

**(2 phointe mínithe go hiomlán @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Meabhairshláinte, sláinte choirp (céim mhearfháis & scaoileadh hormóin fáis, feidhmeanna imdhíonachta méadaithe), aird fheabhsaithe, cuidíonn sé le cuimhne agus le coinneáil eolais, is lú an seans go dtarlóidh timpistí, is lú an seans go ndéanfar roghanna bia neamhshláintiúla, srl.*

**(ii)** Déan **dhá** mholadh ba cheart do dhéagóir a leanúint chun nósanna codlata sláintiúla a chothú. **8**

**(Cuntas ar 2 mholadh @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Seachain néal codlata a chur tharat, cloígh le gnáthnósanna, timpeallacht seomra (dorcha, fionnuar, ciúin), seachain aon rud a ithe go déanach san oíche, seachain caiféin/spreagthóirí, seachain solas gorm/scáileáin, cuir feabhas ar aiste bia agus stíl mhaireachtála, féach le scíth a ligean roimh dhul a chodladh, méadaigh nochtadh solais i rith an lae, srl.*

**(b) (i)** Pléigh **trí** threoirlíne pleanála seomra ba cheart a leanúint nuair atá seomra leapa á dhearadh do dhéagóir. **12**

**(3 threoirlíne pleanála seomra @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*(ní mór go mbeadh baint dhíreach ag toisc amháin le seomra leapa déagóra)*
*costas/an t-airgead atá ar fáil, méid agus cruth an tseomra, spás stórála feidhmiúil sásúil, radharc/leibhéil solais lae srl., téamh - córas atá ann cheana féin - éifeachtúlacht fuinnimh, soilsiú - i gcomhair tascanna ar leith/do ghné ar leith/go ginearálta, suíomh na ndoirse - sruth tráchta, feidhm an tseomra/codladh/spás oibre/spás súgartha/spás obair bhaile, troscán ann cheana féin, gnéithe ann cheana féin/soicéid/pluiméireacht/daingneáin/ fearais/suíomh an dorais/suíomh na fuinneoige, srl.*

**(ii)** Tarraing agus lipéadaigh an plean urláir do sheomra leapa atá deartha do dhéagóir.

**16**

Léirigh na suíomhanna ina bhfuil siad seo a leanas:
an doras **@ 3 mharc (mura bhfuil lipéad ann -1)**
an fhuinneog **@ 3 mharc (mura bhfuil lipéad ann -1)**
an soilsiú **@ 3 mharc (mura bhfuil lipéad ann -1)**
píosaí troscáin **2 earra @ 3 mharc (ní mór leaba a chur san áireamh) (mura bhfuil aon lipéad ann -1 an ceann)**
tarraingthe de réir scála **@ 1 mharc**
*(Is féidir siombailí cearta a úsáid ina ionad sin mar lipéad do dhoras, fuinneog agus soilsiú)*

**(c)** Tá ganntanas príomhchothaitheach i réim bhia fhormhór na ndéagóirí.

**(i)** Pleanáil biachlár dinnéir **dhá chúrsa** atá cothromaithe agus a fhreastalaíonn ar riachtanais chothaithe déagóra. **12**

| | |
|---|---|
| **2 chúrsa iomlán @ 3 mharc** | **grádaithe (3:1:0)** |
| **Cothromaithe @2 mharc** | **grádaithe (2:0)** |
| **Deoch Shláintiúil @ 2 mharc** | **grádaithe (2:0)** |
| **Seicheamh @ 2 mharc** | **grádaithe (2:0)** |

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne pleanála béilí a lean tú agus an biachlár dinnéir á phleanáil agat don déagóir. **12**

**(3 threoirlíne pleanála béile nasctha leis an mbiachlár @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Béile cothromaithe maith, lean na treoirlínte maidir le hithe sláintiúil, glac le pointí cothaitheacha (lena n-áirítear ainm an chothaithigh, an bia agus an fheidhm), lean pirimid an bhia, éagsúlacht datha/uigeachta/blais, taitníonn sé le déagóir; srl.*

**(d)** Tá níos mó éilimh tagtha ar dheochanna fuinnimh le blianta beaga anuas.
Mol **dhá** chúis a bhféadfadh sé nach mbeadh deochanna fuinnimh oiriúnach do dhéagóirí. **6**

**(Aon 2 phointe ábhartha mínithe @ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**

*Siúcra ard beidh otracht ann mar thoradh ar 17 taespúnóg, lobhadh fiacla, agus is mó an baol go mbeidh diaibéiteas (cineál II) ann, caiféin mí-oiriúnach do dhéagóirí, cuireann sé isteach ar chodladh déagóirí, róspreagtha, srl.*

**(e)** In 2024, tugadh isteach an 'Scéim Éarlaise agus Aisíoca' in Éirinn le haghaidh coimeádáin deochanna ar nós cannaí agus buidéil phlaisteacha.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa eolais faoin scéim athchúrsála sin. **6**

**(2 phíosa d'eolas @ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**

*Nuair a cheannaíonn tú deoch a bhfuil an lógó Re-turn uirthi, gearrtar éarlais bheag ort, is féidir formhór na gcoimeádán deochanna cosúil le buidéil, cannaí agus stáin déanta as plaisteach, alúmanam nó cruach a thabhairt ar ais a fhad is atá siad idir 150ml agus 3 lítear. Is féidir leat d'éarlais a fháil ach do choimeádáin a thabhairt ar ais, ba chóir go mbeadh na coimeádáin folamh, gan damáiste agus ina mbuncruth, ba chóir go mbeadh lógó Return ar an gcoimeádán agus ní mór go mbeadh an barrachód inléite freisin, srl.*

**Ceist 13**

**(a)** Cuid thábhachtach de réim bhia chothromaithe is ea glasraí. **12**

**(i)** Ainmnigh **dhá** chothaitheach atá le fáil i nglasraí agus luaigh feidhm amháin atá ag an dá chothaitheach sin.

| Cothaitheach<br>**2@3 grádaithe (3:0)** | Feidhm<br>**2@3 grádaithe (3:0)** |
|---|---|
| *Vitimíní A, D, E, K agus B, C*<br>*Mianraí : Iarann, Cailciam srl.* | *Glac leis an bhfeidhm cheart* |
| *Carbaihiodráit, Siúcra, Snáithín, Stáirse*<br>*Próitéin,*<br>*Saill* | |

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** shlí chun cailleadh cothaitheach a chosc agus glasraí á n-ullmhú agus/nó á gcócaráil. **12**

**(Cur síos ar 3 shlí @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Ith é agus é amh más féidir, bain úsáid as scian ghéar chun nach ndéanfar aon damáiste do chealla, seachain scamhadh más féidir, nó scamh go tanaí é ar an gcúis chéanna agus atá thuas agus chun a chinntiú nach gcaillfear snáithín, moltar gan é a chur ar maos in uisce (is féidir le vitimíní intuaslagtha in uisce láisteadh isteach san uisce), seachain ullmhú rófhada roimh ré chun a chinntiú nach mbeidh dídhathú ann, cócaráil don am is lú agus is féidir, cócaráil i méid beag uisce, cócaráil le clúdach air, seachain róchócaireacht, seachain atéamh más féidir srl.*

**(b)** Tá sé ráite ag Safefood go dtacaíonn siad le céimeanna atá á nglacadh ag ollmhargaí chun na dátaí ar fearr rompu iad a bhaint de roinnt táirgí bia chun cur amú bia a laghdú in Éirinn. *(rte.ie)*

**(i)** Mínigh an téarma 'an dáta ar fearr roimhe é'. **5**

**Míniú ar an téarma 'an dáta ar fearr roimhe é' @ (5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Tugtar 'an dáta ar fearr roimhe é' ar bhianna a bhfuil seilfré níos faide acu e.g. gránaigh bhricfeasta srl, tá baol beag ag baint leis na bianna seo ó thaobh nimhiú bia de agus mar sin baineann na dátaí le caighdeán seachas sábháilteacht, b'fhéidir go mbeadh sé sábháilte go leor bianna a bheadh thar 'an dáta ar fearr roimhe é'' a ithe dá mbeadh cuma bhreá orthu agus dá mbeadh boladh breá uathu, ach b'fhéidir go mbeadh laghdú ar a gcaighdeán.*

**(ii)** Dá ndíolfaí glasraí gan dáta ar fearr roimhe iad, mínigh an chaoi a bhféadfadh tomhaltóir a aithint ó chuma nó ó uigeacht na nglasraí go bhfuil siad fós úr agus oiriúnach le húsáid.

Tabhair **trí** phointe. **15**

**(3 phointe mínithe @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Lorg dath geal, cothrom gan spotaí dorcha ná múscán, ballbhrú, brúnna ná craiceann damáiste. Braithfidh comharthaí glasraí úra ar an gcineál táirge (gan a bheith seargtha, teann nuair a chuirtear méar air, gan a bheith mar a bheadh rubar ann srl.)*

**(c)** Is táirgeoir bia í Michelle a sholáthraíonn glasraí orgánacha do mhargaí bia agus d'ollmhargaí áitiúla. Tá naprún oibre nua ag teastáil uaithi.

Leanfaidh Michelle na céimeanna i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh chun an naprún a tháirgeadh.

**(i)** Sceitseáil agus lipéadaigh réiteach féideartha **amháin** agus déan cur síos air. **15**

Bíodh tagairt don dath / do na dathanna agus do na greamanna i do fhreagra.

**Sceitse @ 5 mharc grádaithe (5:3:0)**

**Lipéad 1 @ 2 mharc**

**Cur síos 4 @ 2 mharc grádaithe (2:0)**

**Ní mór tagairt a dhéanamh don dath agus do na greamanna sa chur síos nó ar an lipéad, nó ina ionad sin:**

**Gan na greamanna a lua -2 mharc, gan an dath a lua -2 mharc**

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** thoisc ba chóir do Michelle a chur san áireamh agus í ag roghnú fabraic le haghaidh an naprúin.

**(Cur síos ar 2 thoisc @ 4 mharc)** **8**

*Costas, glanadh, oiriúnacht, dath srl.* **grádaithe (4:2:0)**

**(ii)** Liostaigh **ceithre** phíosa trealaimh a theastóidh ó Michelle chun an naprún a dhéanam **8**

**(4 phíosa trealaimh @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

*Siosúr, méaracán, snáthaid, snáithe, siosúr scealptha, réabóir greamanna, meaisín fuála, srl.*

**(d)** Mínigh an téarma *faisean gasta* **5**

**grádaithe (5:3:0)**

*Éadaí saora atá á dtáirgeadh go gasta ag miondíoltóirí mórmhargaidh mar fhreagra ar na treochtaí is déanaí ó thaobh an ardáin taispeána, éadaí saora agus ar dhroch-chaighdeán go minic a olltáirgtear go gasta i gcomhréir le stíleanna faisin atá ag treochtáil, srl.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |